C/2024/6457

23.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11723 – ONEX / QH / MARS DEBTCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6457)

1. An 16 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Onex Corporation ('Onex', Ceanada),

— Qatar Holding LLC ('QH', Catar),

— Mars Debtco Limited ('Mars Debtco', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Onex agus QH rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Mars Debtco ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Onex: is cuideachta é a infheistíonn i seirbhísí tionsclaíocha, cúram sláinte, seirbhísí tomhaltóirí agus miondíola, seirbhísí airgeadais agus straitéisí creidmheasa príobháideacha.

— QH: is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta dhomhanda é a bhunaigh Údarás Infheistíochta Chatar. Infheistíonn sé i raon aicmí agus réigiún.

— Mars Debtco: is meán sainchuspóireach é a bhfuil na scaireanna uile in Farsound Aviation Limited aige, soláthraí réitigh domhanda slabhra soláthair agus lóistíochta de pháirteanna spártha beaga d'innill aerárthaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11723 – ONEX / QH / MARS DEBTCO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË